



An Roinn Oideachais  
Department of Education

An Chigireacht  
Inspectorate



# Cigireachtaí i suíomhanna Fhoghlaim agus Chúraim na Luath-Óige - Bileog faisnéise do thuismitheoirí



Cigireachtaí na Luathbhlianta Tusla  
agus Roinne Oideachais

# IRéamheolas maidir le Cigireachtaí na Luathbhlianta

Is iad Cigireachtaí na Roinne Oideachais (RO) agus Luathbhlianta Tusla a chuireann cigireachtaí i bhfeidhm maidir le suíomhanna Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige (FCLÓ).

Déantar cigireachtaí chun dearbhú a chur ar fáil do thuismitheoirí agus don phobal go ndéantar caighdeáin mhaithe na foghlama, an chúraim agus na sábháilteachta a choimeád i suíomhanna FCLÓ.

Tá cosúlachtaí agus difríochtaí ann maidir leis an dóigh a ndéanann gach cigireacht cigireacht ar shuíomhanna FCLÓ agus sa bhileog seo cuirfear faisnéis ar fáil duit maidir leis sin.

Tá an dá chigireacht tiomanta d'eispéiris foghlama agus cúraim atá ar ardchaighdeáin agus sábháilte a chur ar fáil do leanaí óga.

Cuirtear faisnéis ar fáil sa bhileog seo maidir leis na cineálacha éagsúla cigireachtaí agus an obair eile a dhéanann an dá chigireacht.



## Cé a dhéanann cén rud?

Cinntíonn Cigireacht Luathbhlianta Tusla go mbíonn suíomhanna FCLÓ uile cláraithe, agus mar an rialtóir tá cumhachtaí forfheidhmithe aici chun a chinntiú go gcomhlíonann na suíomhanna na Rialacháin Réamhscoile (2016).

Cuireann Cigireacht Luathbhlianta Tusla faisnéis ar fáil maidir le comhlíonadh na rialachán agus iarrann sé freagairtí ó shuíomhanna FCLÓ maidir le saincheisteanna ar bith a ardaítear le linn cigireachtaí.

Tá sainchúram reachtúil ag Cigireacht na Roinne Oideachais chun cineál, raon agus oiriúnacht eispéiris naíonán agus leanaí óga a mheas i suíomhanna FCLÓ arna maoiniú ag an rialtas.

Cuireann Cigireacht na Roinne Oideachais comhairle ar fáil chun cuidiú le suíomhanna feabhas a chur ar sholáthar an oideachais agus tugann sí deis do shuíomhanna FCLÓ chun freagairt a dhéanamh ar a dtuairisc chigireachta agus sonraí á dtabhairt acu maidir le conas a dhéanfaidh siad sin.



## Cigireachtaí Luathbhlianta Tusla

Nuair a dhéanann siad na cigireachtaí, bíonn cáilíocht mhaith agus dea-chleachtais á lorg ag an dá chigireacht agus tugann siad na rudaí sin faoi deara agus iad i mbun cigireachtaí. Tugann siad suntas d'aon réimse atá le feabhsú.

Cuireann an dá chigireacht tuairiscí ar na cigireachtaí ar fáil don phobal, tuismitheoirí san áireamh.

Cuireann an dá chigireacht faisnéis ar fáil don phobal, tuismitheoirí san áireamh maidir le cáilíocht agus sábháilteacht sholáthar an oideachais agus an chúraim.



TDéanann an cigire athbhreithniú ar ghnéithe uile na seirbhíse chun na nithe a leanas a chinntiú:

- Déantar an tseirbhís a bhainistiú ar dhóigh mhaith
- Tacaítear le sábháilteacht, le sláinte, le leas agus le forbairt gach linbh
- Tá an t-áitreabh sábháilte agus oiriúnach

Déanfaidh cigirí faisnéis agus fianaise a bhailiú agus a chros-seiceáil amhail:

- An fhaisnéis a chuir an suíomh FCLÓ ar fáil nuair a cláraíodh é
- Doiciméid a theastaíonn d'fhonn rialacháin a chomhlíonadh (mar shampla, taifid ar chúram agus ar chlár agus uainchlár na foirne)
- Faisnéis ó phlé le bainisteoirí agus leis an bhfoireann
- Breathnuithe ar chúram, ar shúgradh agus ar idirghníomhaíochtaí na leanaí
- Faisnéis maidir leis an áitreabh agus na saoráidí.



## Cigireachtaí na Roinne Oideachais

Tá dhá chineál cigireachta ag an Roinn Oideachais atá dírithe ar cháilíocht an tsoláthair oideachais. De ghnáth, tugtar fógra 2 lá do shuíomhanna FCLÓ maidir le cigireacht.

### I gcigireacht oideachas na luathbhlianta, déanann an cigire na nithe a leanas;

- Labhraíonn sé/sí le leanaí agus idirghníomhaíonn sé/sí leo
- Breathnaíonn sé/sí an cleachtas i dtimpeallachtaí foghlama
- Déanann sé/sí athbhreithniú ar thimpeallachtaí foghlama laistigh agus lasmuigh
- Déanann sé/sí athbhreithniú agus plé ar dhoiciméid atá ar fáil a bhaineann le heispéiris foghlama na leanaí.

### Déanann an cigire na nithe a leanas le linn Cigireacht Leantach;

- Deimhníonn sé/sí an dóigh a ndearna an suíomh FCLÓ na gníomhartha a moladh sa tuairisc chigireachta roimhe sin a chur i bhfeidhm.

## An dóigh a ndéanaimid cumarsáid le tuismitheoirí

Cuireann an dá Chigireacht faisnéis ar fail do thuismitheoirí maidir leis an obair a dhéanann siad trí na suíomhanna gréasáin dá gcuid, lena n-áirítear an méid a leanas:

- Sonraí teagmhála le haghaidh teagmháil a dhéanamh linn
- Clár de shuíomhanna FCLÓ i ngach contae
- Treoracha maidir le cigireacht agus faisnéis maidir le suíomh FCLÓ a roghnú
- Bíonn póstaer Chigireacht Luathbhlianta Tusla ar taispeáint sa suíomh FCLÓ agus an chigireacht ar siúl
- Cuireann Cigireacht na Roinne Oideachais faisnéis ar fáil ar líne do thuismitheoirí maidir le cleachtas ardchaighdeáin FCLÓ agus próisis na cigireachta
- Áirítear leis an bhfaisnéis sin seimineáir ghréasáin do thuismitheoirí maidir le hardchaighdeáin in oideachas na luathbhlianta agus acmhainní do leanaí a bhaineann le cigireacht, agus a d'fhéadfadh tuismitheoirí rochtain a fháil orthu in éineacht lena leanaí más mian leo.



# Tuilleadh Eolais

Tá faisnéis bhreise maidir le measúnú agus cigireacht i dtaca le suíomhanna FCLÓ ar fáil ar líne

Cigireachtaí na Roinne Oideachais

[gov.ie/en/organisation-information/818fa1-inspectorate/](https://gov.ie/en/organisation-information/818fa1-inspectorate/)

Cigireachtaí TUSLA

[tusla.ie/services/preschool-services/](https://tusla.ie/services/preschool-services/)

Is féidir le tuismitheoirí teacht ar thuairiscí cigireachta na Roinne Oideachais ag;

[gov.ie/en/school-reports/](https://gov.ie/en/school-reports/)

Is féidir le tuismitheoirí teacht ar thuairiscí cigireachtaí Tusla ag;

[tusla.ie/services/preschoolservices/creche-inspection-reports/](https://tusla.ie/services/preschoolservices/creche-inspection-reports/)



[gov.ie/oideachas](https://gov.ie/oideachas)

[tusla.ie](https://tusla.ie)